Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh san bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 i gcomhair thuarastail agus speansais Roinn an Taoisigh, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Roinn agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €9.856 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6:

### Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

#### *Dímheas*

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dhíreach thar a saolré úsáideach, ag tosú sa mhí ina gcuirtear i seirbhís iad.

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

#### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

#### *Seirbhísí comhroinnte*

Déantar próiseáil ar idirbhearta airgeadais a sholáthar ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSS) i gCill Airne, atá ina chuid den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun an tseirbhís chomhroinnte seo a sholáthar.

Déantar feidhmeanna Párolla agus Acmhainní Daonna a sholáthar ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialuithe a oibriú laistigh de na hIonaid um sheirbhísí comhroinnte. Tá próiseas iniúchta curtha ar bun ag Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a sholáthar i dtaca le hoibriú rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Meascán is ea an dearbhú sin de na nithe seo a leanas:

- Obair iniúchta inmheánaigh a dhéanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí arna ndéanamh ag cuideachta cuntasóirí i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Dearbhuithe Iontaofachta (*ISAE* 3402), atá ceaptha le tuairisciú do ranna úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí maidir leis na rialuithe laistigh dá seirbhísí comhroinnte. Tuairiscíonn na hiniúchtaí sin ar éifeachtacht na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm le 2019.

Thug an tOifigeach Cuntasaíochta do sheirbhísí comhroinnte litir dhearbhaithe dom maidir leis na socruithe do rialú agus iniúchadh inmheánach agus tuairiscí ar na hiniúchtaí ar oibriú na rialuithe le linn 2019.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuthe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearaí
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den RoinnOifig
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Déanann an Roinn deimhin de go bhfuil béim chuí ar an dea-chleachtas sa soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta ar bun le cinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha uile. Tá cúig chonradh, de luach €470,838, curtha san áireamh i dtuairisceán chiorclán 40/02 toisc go sáraíonn siad an tairseach tuairiscithe €25,000 agus gur bronnadh iad (inter alia) gan próiseas iomaíoch, mar seo a leanas

- Meastar go bhfuil conradh amháin de luach €93,884 neamhiomaíoch agus neamh-chomhlíontach. Dámhadh an conradh seo ar sheirbhísí teileafónaíochta gan próiseas iomaíoch agus rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí air in 2013. Déanfaidh foireann soláthair mo Roinne athbhreithniú ar an gconradh seo le linn 2020.
- Meastar go bhfuil ceithre chonradh de luach €376,954 neamhiomaíoch ach comhlíontach. Bhain ceann acu le soláthar seirbhísí dílsithe TFC (€234,889), bhí dhá cheann acu ina sínithe ar chonarthaí a bhí ann cheana (€80,592) agus bhain ceann amháin le staid nach raibh ach aon soláthraí oiriúnach amháin ar fáil (€61,473).

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Roinn, a hobair agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an Roinn agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Doiciméad beo is ea an clár agus déanann lucht bainistíochta sinsearaí na Roinne uasdátú ar an gclár ar bhonn leanúnach. Úsáidtear an clár rioscaí chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

Mír bhuan is ea bainistíocht riosca freisin ar chlár oibre Choiste Iniúchta na Roinne.

Tá an próiseas bliantúil um Measúnú Náisiúnta Riosca, faoi mhaoirsiú Roinn an Taoisigh, ar bun freisin agus cuirtear deis ar fáil leis sainaithint agus plé a dhéanamh ar rioscaí straitéiseacha atá os comhair na hÉireann sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe., Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta (*MAC*), i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciu.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2019 as ar tháinig caillteanas ábhartha, nó a bhféadfaidh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

18 Meitheamh 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *An bonn faoi mo thuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn an Taoisigh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meitheamh 2020

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2019

| | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 35,266 | 25,188 | 27,314 |
| **Ollchaiteachas** | **35,266** | **25,188** | **27,314** |
| *Lúide* | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | **929** | **707** | **801** |
| **Glanchaiteachas** | **34,337** | **24,481** | **26,513** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **9,856,031** | **6,878,390** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

27 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 6,694 | 7,299 |
| Pá | | 14,635 | 13,796 |
| Neamhphá | | 3,859 | 6,219 |
| **Ollchaiteachas** | | **25,188** | **27,314** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **707** | **801** |
| **Glanchaiteachas** | | **24,481** | **26,513** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (389) | | |
| Dímheas | 207 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (181) | (363) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,162 | | |
| Méadú ar stoc | (30) | 1,132 | (91) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **25,432** | **26,059** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,923 | 4,932 |
| Measchíosanna | | 1,517 | 1,464 |
| **Glanchostas an chláir** | | **31,872** | **32,455** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8 | 8 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,351 | 3,472 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 846 | 755 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 23 | 21 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 211 | 201 |
| Vóta 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 54 | 53 |
| Vóta 36 | Cosaint | 82 | 82 |
| Lárchiste: Pinsin Taoisigh agus Airí | | 348 | 340 |
| | | **4,923** | **4,932** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,210 | 1,029 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 262 | 845 |
| Stoic | 2.3 | 126 | 96 |
| Réamhíocaíochtaí | | 296 | 339 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 99 | 93 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 263 | (373) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,046 | 1,000 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 1,406 | 287 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 625 | 565 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 2,031 | 852 |
| **Glansócmhainní reatha** | | (985) | 148 |
| **Glansócmhainní** | | **225** | **1,177** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.7 | **225** | **1,177** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh IT agus Oifig | Troscán agus feistis | Sócmhainní Caipitil á bhforbairt [a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 1,272 | 644 | 328 | 2,244 |
| Breiseanna | 206 | 23 | 160 | 389 |
| Diúscairtí | (130) | — | — | (130) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 1,348 | 667 | 488 | 2,503 |
| **Dímheas** | | | | |
| **Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 702 | 513 | — | 1,215 |
| Dímheas don bhliain | 184 | 23 | — | 207 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (129) | — | — | (129) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 757 | 536 | — | 1,293 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **591** | **131** | **488** | **1,210** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 570 | 131 | 328 | 1,029 |

Nóta [a] Tugann an córas ríomhsheirbhísí Comh-Aireachta tacaíocht agus cuidiú do na próisis riaracháin a bhaineann le gnó an Rialtais a ullmhú agus a riar agus cinntí an Rialtais a scaipeadh. Tá breis agus 3,000 úsáideoir aige ar fud na ranna rialtais go léir. Tá nuashonrú á dhéanamh ar an gcóras lena inmharthanacht leanúnach a chinntiú.

## 2.2. Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an Phámháistir Ghinearálta | 261 | 845 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile | 1 | — |
| | **262** | **845** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bronntanais oifigiúla | 23 | 11 |
| Stáiseanóireacht | 58 | 41 |
| Foilseacháin | 41 | 41 |
| Ábhar inchaite srl | 4 | 3 |
| | **126** | **96** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 89 | 88 |
| Eile | 10 | 5 |
| | **99** | **93** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 263 | 298 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 117 | 104 |
| Cáin bhreisluacha | 32 | 1 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 122 | 60 |
| | 534 | 463 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 85 | 97 |
| Eile | 6 | 5 |
| | **625** | **565** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 9,856 | 6,878 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (10,119) | (6,505) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(263)** | **373** |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 262 | 845 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 99 | 93 |
| | 361 | 938 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (533) | (462) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (91) | (103) |
| | (624) | (565) |
| | **(263)** | **373** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,177 | 726 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 34,337 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (9,856) | | |
| Glanvóta | | | 24,481 | 26,513 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 4,923 | 4,932 |
| Mír nach mír airgid tirim í | | | (1) | (3) |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 1,517 | 1,464 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (31,872) | (32,455) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **225** | **1,177** |

## 2.8 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| Ag 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 30 | 53 |
| Tionscadail chaipitil | — | 164 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **30** | **217** |

## 2.9 Dliteanais Theagmhasacha

Cuireadh an cás dlí a nótáladh mar dhliteanas teagmhasach ar chuntas leithreasa 2018 i gcrích in 2019 le costais €773,000. Tá an Rionn páirteach in dhá chás atá ar siúl san Ard-Chúirt faoi láthair i dtaca le rochtain ar fhaisnéis maidir leis na rialacháin comhshaoil a d’fhéadfadh costais a ghiniúint.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach anseo thíos i gClár A chun costais iomlán cláir a chur i láthair.

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 16,046 | 14,635 | 13,796 |
| ii | Taisteal agus cothú | 730 | 476 | 538 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 3,590 | 1,688 | 3,524 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 224 | 249 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,410 | 1,106 | 1,494 |
| vi | Costais áitribh oifige | 366 | 365 | 414 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 18 | — | — |
| | | **22,520** | **18,494** | **20,015** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €730,000, toradh: €476,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €254,000 san fhotheideal seo mar thoradh ar mhéid níos ísle de thaisteal ná mar a réamh-mheasadh ag am na meastachán. Is deacair leibhéal an taistil a dhéanfaidh an fhoireann agus sealbhóirí oifige a mheas agus is féidir le forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha nach rabhthas ag súil leo sa bhaile, ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta dul i gcion air. Ina theannta sin, go minic déantar costais taistil a thabhaítear ar thurais oifigiúla a fháil ar ais ón Rionn i riaráiste níos déanaí.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin: €3.59 milliún, toradh: €1.688 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.902 milliún san fhotheideal seo mar thoradh ar chaiteachas níos ísle ná mar a bhí measta i réimsí amhail oiliúint, ócáidí Stáit, fógraíocht agus an tairseach gov.ie.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €360,000, toradh: €224,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €136,000 san fhotheideal seo in 2019 mar thoradh ar chostais teileachumarsáide a bhí níos ísle ná mar a bhí measta.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin: €1.41 milliún, toradh: €1.106 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €304,000 san fhotheideal seo mar thoradh ar mhoill ar réiteach físchomhdhála a sholáthar; agus caiteachas níos ísle ná mar a measadh le soláthraí fón póca toisc go raibh socruithe nua billeála á gcur i gcrích.

## Clár A Ag tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 16,046 | 14,635 | 13,796 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 6,474 | 3,859 | 6,219 |
| A.3 | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach | 2,072 | 1,876 | 1,889 |
| A.4 | Binsí Fiosrúcháin | 4,309 | 929 | 1,999 |
| A.5 | Coimisiún imscrúdaithe | 4,515 | 3,688 | 2,877 |
| A.6 | Tionól Saoránach | 1,850 | 201 | 534 |
| | | **35,266** | **25,188** | **27,314** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000).

Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €10.078 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá an t-athrú €4.026 milliún sa chaiteachas riaracháin mínithe cheana. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla iarmhéid an athraithe:

**A.1 Riarachán – pá**

*Soláthar meastacháin : €16.046 milliún, toradh: €14.635 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.411 milliún san fhotheideal seo in 2019 mar thoradh ar mhoill ar líonadh beartaithe folúntas.

**A.3 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta**

*Soláthar meastacháin: €2.072 milliún, toradh: €1.876 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €196,000 in 2019 mar thoradh i bpáirt ar neamh-líonadh poist, agus laghdú i líon na foirne i rith na bliana mar thoradh ar dhaoine ag dul ar scor. Baineann an difear atá fágtha le tearc-chaitheamh beag sa bhuiséad TFC mar thoradh ar mhoill i dtaca le tionscadal TF atá á chur i bhfeidhm.

**A.4 Binse fiosrúcháin**

*Soláthar meastacháin: €4.309 milliún, toradh: €929,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €3.38 milliún in 2019 i gcomparáid leis an soláthar sa mheastachán toisc go raibh líon na n-éileamh i dtaca le costais dlí a socraíodh in 2019 níos ísle ná mar a measadh. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí a dhámhann na Binsí Fiosrúcháin agus tá sé dodhéanta am socraithe a thuar i dtaca le socrú na gcostas tríú páirtí a bheidh dlite ag am áirithe ar bith.

**A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin**

*Soláthar meastacháin: €4.515 milliún, toradh: €3.688 milliúin*

Tá coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus braitheann a leibhéil chaiteachais ar riachtanais a bhfiosrúchán ar an gcéad dul síos. Áirítear san olltoradh seo costais €773,000 a bhaineann le cás dlí a cuireadh i gcrích in 2019. Tharla an tearc-chaitheamh €827,000 i gcomparáid leis an soláthar sa mheastachán mar thoradh ar an deacracht a bhí ag an gCoimisiún tuar cruinn a dhéanamh maidir le leibhéal agus am a riachtanas caiteachais féin, lena n-áirítear caiteachas ag eascairt as cinntí le costais tríú páirtí a dhámhachtain.

**A.6 Tionól Saoránach**

*Soláthar meastacháin €1.85 milliún, toradh: €201,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €1.649 milliún mar thoradh ar an am a bhí de dhíth chun an Tionól Saoránach um Chomhionannas Inscne a chur ar bun i ndiaidh faomhadh an rúin ag an Oireachtas i mí Iúil, is é sin na seirbhísí a bhí de dhíth a sholáthar agus na saoránaigh a earcú. Bhíothas ag súil go dtiocfadh an Tionól le chéile in 2019 ach níor tharla an chéad chruinniú de na Saoránaigh go dtí 25 Eanáir 2020.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasaí–i–gcabhair | 59 | 34 | 49 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar phá seirbhíse poiblí [a] | 870 | 673 | 752 |
| | **Iomlán** | **929** | **707** | **801** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise san ionad orthu sin ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €222,000 níos lú ná an meastachán bunaidh. Leagtar mínithe le haghaidh athruithe amach thíos:

**2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastacháin: €870,000, toradh: €673,000*

Rinneadh Meastacháin 2019 a ríomh ar asbhaintí a bhaineann le pinsean (*PRD*). Mar thoradh ar chiorclán in Eanáir 2019 (ceangailte leis seo), tháinig ranníocaíocht aoisliúntais bhreise (*ASC*), a ríomhadh ar bhonn éagsúil, san ionad ar PRD. Ní bhaineann ASC ach leis an luach saothair inphinsin go léir, ach bhain *PRD* leis an bpá inchánach go léir. Chiallaigh sé seo go raibh ragobair, a bhíodh faoi réir *PRD* roimhe seo, díolmhaithe ó *ASC*. Ina theanta sin, chiallaigh na tairseacha *ASC* do bhaill na Scéime Pinsin Aonair a tugadh isteach in Eanáir 2019 go raibh an ráta *ASC* níos lú ná an ráta *PRD* a íocadh roimhe. Is ionann an difear sa sainmhíniú agus an éagsúlacht idir an meastachán agus an t-olltoradh.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 29 | 4 |
| Fáltais ó ghéilleadh tuarastail deonach Sealbhóirí oifige agus ó thearc-asbhaintí asbhaintí a bhaineann le pinsean ó 2009 i leith | 43 | 27 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (29) | (4) |
| Iarmhéid mar a bhí ag 31 Nollaig | **43** | **27** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Comhionann le fostaithe lánaimsire** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 232 | 219 |
| Gníomhaireachtaí | 14 | 15 |
| **Iomlán** | **246** | **234** |

### 5.2 Pá – Roinn

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 13,675 | 12,955 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | — | 201 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 357 | 290 |
| Iocaíochtaí ragoibre agus tinrimh bhreise | 355 | 423 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,032 | 906 |
| **Pá iomlán** [a] | **15,419** | **14,775** |

Nóta [a] Eisíoctar costais phá i measc roinnt fotheideal

### 5.3 Pá - Gníomhaireacht

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,243 | 1,317 |
| ÁSPC an Fhostóra | 101 | 107 |
| **Pá Iomlán** | **1,344** | **1,424** |

### 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair ab airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| **Foireann na Roinne** | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 32 | 12 | 88,412 | 23,749 |
| Iocaíochtaí ragoibre agus tinrimh bhreise | 84 | 12 | 24,192 | 22,076 |
| Luach saothair breise i níos mó ná aon chatagóir amháin | 12 | 4 | 25,301 | 32,556 |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh íocaíocht *ex-gratia* €29,829 (2018: €29,681) i dtaca le sochair scoir aontaithe le hiar-fhostaí amháin.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 5 | 4,377 | 9,728 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 1 | 99 | 1,707 |

Níor aistríodh aon phleananna aisghabhála ró-íocaíochta chuig Roinn an Taoisigh sa bhliain.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coiste coimisiúin nó fiosrúchán speisialta

| Coiste coimisiúin nó fiosrúchán speisialta | Bliain cheapacháin | 2019 | 2018 | Caitea-chas iomlán go dtí deireadh 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | |
| Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry) [a] | 1997 | 929 | 1,999 | 64,223 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Coimisiún Cregan) [b] | 2015 | 1,980 | 1,995 | 7,046 |
| Coimisiún imscrúdúcháin (Coimisiún Cooke) [c] | 2017 | 935 | 881 | 2,166 |

Nótaí

[a] Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uas. Haughey agus leis an Uas. Lowry). Ní féidir costais deiridh a chinneadh ag an staid seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc.

[c] Baineann an Coimisiún imscrúdúcháin (Cooke) le díolachán phunann Thionscadal *Eagle* ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí arna n-íoc ag Roinn | Cúiteamh dáfa | Costais dlí dáfa | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó dhaoine sa phobal | 1 | 402 | — | 371 | 773 | — |
| | 1 | 402 | — | 371 | 773 | — |

## 6.3 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas an tsuim €16,632 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le bronnadh ag an Taoiseach agus Airí Stáit nó ar a son in 2019 (2018: €6,728).

## Aguisín A Cuntais chomhlachtaí agus chistí faoi scáth na Roinne Taoisigh

Liostaítear leis an tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí faoi scáth na Roinne i gcás go mbíonn oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, mar a bhí ag deireadh an Mhárta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus an dáta ar ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste comhlachta/roinne | Tréimhse chuntas-aíochta dheiridh | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | Dáta faighte ag an Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach | 2018 | 23 Mí Deireadh Fómhair 2019 | 13 Mí na Samhain 2019 | 20 Mí na Nollag 2019 |